Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Feabhra 2021
(OR. en)

5856/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0104(COD)**

CODEC 131
ECOFIN 89
REGIO 14
CADREFIN 47

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>= Dearbhú comhpháirteach |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA, ÓN GCOMHAIRLE AGUS ÓN GCOIMISIÚN MAIDIR LE CEANGLAIS TUAIRISCITHE A BHUNÚ CHUN EISIÚINT BANNAÍ A RANNCHUIDÍONN LE CUSPÓIRÍ COMHSHAOIL DO NEXTGENERATIONEU A CHUMASÚ**

Meabhraíonn an Coimisiún uaillmhian pholaitiúil chomhroinnte an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Laistigh den chreat sin, cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil sé d'aidhm aige 30 % ar a laghad de na cistí atá le fáil ar iasacht sna margaí caipitil a thiomsú le haghaidh riachtanais NextGenerationEU trí bhannaí a eisiúint lena rannchuirtear le cuspóirí comhshaoil.

Comhaontaíonn na trí Institiúid a fhiosrú an bhféadfaí rialacha a thabhairt isteach lena mbunófar oibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit, chun a áirithiú go mbeidh faisnéis ar fáil d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar an rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil na gcistí a fhaightear ar iasacht sna margaí caipitil. Chun na críche sin, féachfaidh an Coimisiún le togra reachtach a dhéanamh chuige sin sa chéad ráithe de 2021.